# Cumann Peile na Gaeltachta

Eochairfhocail: idirmheánach, craobh, cluiche ceannais, an gadhar á róstadh, bratacha, thar cionn

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh agus léitheoireacht.

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**


1. Cad a bhuaigh Cumann Peile na Gaeltachta le déanaí?
2. Cén fhoireann a bhí ag imirt in aghaidh na Gaeltachta sa chluiche ceannais?
3. Cén áit i gCiarraí a raibh an cluiche ceannais ar siúl?
4. Cérbh é réalta na Gaeltachta i rith an chluiche?
5. Cathain a thosaigh an comórtas peile i gCiarraí, dar le Fergal Ó Sé, bainisteoir na foirne?
6. Cén ról a bhí ag Dara Ó Cinnéide leis an bhfoireann?
7. Cén cur síos a thugann Tommy Jim Mac Gearailt ar thaispeántas na foirne i dTrá Lí?
8. An bhfuil airgead á fháil ag foireann bainistíochta na foirne as an obair a dhéanann siad, dar le Tommy Jim Mac Gearailt?
9. Cad atá faighte ag an nGaeltacht anois agus an Chraobh Idirmheánach buaite acu?
10. Cad a bheidh crochta sa cheantar as seo go ceann tamaill?

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

**Cumann Peile na Gaeltachta: Líon na Bearnaí**

faoi, foireann, mhíle, lonnaithe, Pádraig, reatha, stair, peile,

Club ________ seanbhunaithe atá i gCumann Caide na Gaeltachta. Tá an club ar an bhfód óna 1930idí. Is in Iarthar Chiarraí atá an club ____________. Is iad dearg agus bán dathanna an chlub. Tá _____ fhada, mhórtasach ag an gclub. Tá craobh peile Chiarraí ag grád na sinsear buaite _____ dhó ag an gclub, sa bhliain dhá mhíle is a haon agus sa bhliain dhá ______ is a trí. Go deimhin, tar éis dóibh craobh Chiarraí a bhuachaint sa bhliain dhá mhíle is a trí d'éirigh leis an gclub dul chomh fada le cluiche ceannais na hÉireann ar Lá Fhéile ________ ach chaill an club i gcoinne sheaimpíní chúige Chonnacht, An Chealtrach. Is iomaí _______ de chuid na Gaeltachta a d'imir le foireann Chiarraí thar na blianta. Ina measc siúd bhí Páidí Ó Sé, Dara Ó Cinnéide, Aodán Mac Gearailt, na deartháireacha Ó Sé; Marc, Tomás agus Darragh agus Louise Ní Mhuircheartaigh, laoch Chiarraí i bpeil na mban a d'éirigh as a bheith ag imirt le ________ an chontae an bhliain seo caite.



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Samhlaigh go raibh tú i measc an tslua ag Craobh Idirmheánach Chiarraí an tseachtain seo caite. Scríobh cuntas 150 focal ar an eispéireas. Déan tagairt do na nithe seo a leanas sa chuntas:

- an saghas aimsire a bhí ann
- an t-atmaisféar
- rud amháin faoin slua a bhí i láthair
- buaicphointe an chluiche
- píosa imeartha den scoth a chonaic tú
- mothúcháin éagsúla na bhfoirne ag deireadh an chluiche

Freagraí

1. Craobh Idirmheánach Chiarraí
2. Fosadh
3. Trá Lí
4. Brian Ó Beaglaoich
5. Seacht seachtaine ó shin
6. Roghnóir
7. An fhoireann thar cionn ar fad
8. Níl, obair in aisce atá ar siúl acu
9. Ardú céime go grád na sinsear
10. Bratacha na Gaeltachta

Club peile seanbhunaithe atá i gCumann Caide na Gaeltachta. Tá an club ar an bhfód óna 1930idí. Is in Iarthar Chiarraí atá an club lonnaithe. Is iad dearg agus bán dathanna an chlub. Tá stair fhada, mhórtasach ag an gclub. Tá craobh peile Chiarraí ag grád na sinsear buaite faoi dhó ag an gclub, sa bhliain dhá mhíle is a haon agus sa bhliain dhá mhíle is a trí. Go deimhin, tar éis dóibh craobh Chiarraí a bhuachaint sa bhliain dhá mhíle is a trí d'éirigh leis an gclub dul chomh fada le cluiche ceannais na hÉireann ar Lá Fhéile Pádraig ach chaill an club i gcoinne sheaimpíní chúige Chonnacht, An Chealtrach. Is iomaí laoch de chuid na Gaeltachta a d'imir le foireann Chiarraí thar na blianta. Ina measc siúd bhí Páidí Ó Sé, Dara Ó Cinnéide, Aodán Mac Gearailt, na deartháireacha Ó Sé; Marc, Tomás agus Darragh agus Louise Ní Mhuircheartaigh, laoch Chiarraí i bpeil na mban a d'éirigh as a bheith ag imirt le foireann an chontae an bhliain seo caite.